



# RÁITHEACHÁN TAIGHDE OIDEACHAIS THUAISCEART ÉIREANN

*Imleabhar 2, 2025*

Léargais ar Shainriachtanais Oideachais



**QUEEN'S  
UNIVERSITY  
BELFAST**

SCHOOL OF  
SOCIAL SCIENCES,  
EDUCATION AND  
SOCIAL WORK

# Clár Ábhair

<b><u>RÉAMHRÁ ÓN EAGARTHÓIR</u></b> .....	<b><u>3</u></b>
<b><u>SCOILEANNA CUIMSITHEACHA A FHORBAIRT</u></b> .....	<b><u>4</u></b>
AN CLÁR OIBRE A SHAINMHÍNIÚ .....	4
AT-EOLAS A SCAIPEADH.....	5
SEIFTEANNA CHUN ATHRAITHE.....	7
IMPLEACHTAÍ .....	8
LÉITHEOIREACHT CHÚLRA .....	9
ACMHAINNÍ ÚSÁIDEACHA .....	9
<b><u>TUAIRIMÍ DALTAÍ AR SCOILEANNA CUIMSITHEACHA</u></b> .....	<b><u>10</u></b>
RÉAMHRÁ.....	10
SAINMHÍNIÚ AR CHUIMSIÚ:: COINBHINSIÚ AR CHEARTA DAOINE FAOI MHÍCHUMAS .....	10
CONSTACÍ AR CHUIMSIÚ I SCOILEANNA PRÍOMHSHRUTHA .....	11
CÉN CHUMA ATÁ AR CHUIMSIÚ? .....	12
AN RUD ATÁ LE LEAS DALTAÍ SRO IS LE LEAS GACH DALTA É.....	14
TAGAIRTÍ .....	15
<b><u>DALTAÍ A BHFUIL SRO ACU- COMPARÁID IDIRNÁISIÚNTA</u></b> .....	<b><u>17</u></b>
RÉAMHRA.....	17
CÚRSAÍ SAN EORAIP- DIFRÍOCHTAÍ MÓRA IDIR TÍORTHA .....	17
CÚRSAÍ SAN EORAIP - ARDÚI BHFORLEITHNE SRO.....	18
CAD CHUIGE A BHFUIL DIFEAR CHOMH MÓR SIN SA LÍON IDIR TÍORTHA? .....	18
CAD CHUIGE AR THÁINIG MÉADÚ AR AN LÍON? .....	19
AN LÍON A LAGHDÚ - LIPÉADÚ AGUS TACAÍOCHT .....	20
ACHOIMHRE AGUS CONCLÚIDÍ.....	21
TAGAIRTÍ .....	23
<b><u>AG TACÚ LE FOGHLAIMEOIRÍ A BHFUIL RIACHTANAS OIDEACHAIS SPEISIALTA ACU: AN DÓIGH AGUS AN FÁTH AR FÉIDIR LE TEICNEOLAÍOCHTAÍ DIGITEACHA, LENA N-ÁIRÍTEAR INTLEACHT SHAORGA GHINIÚNACH A BHEITH MAR CHUIDIÚ</u></b>	
RÉAMHRÁ.....	26
TAIGHDE IDIRNÁISIÚNTA AR ÚSÁID GenAI LE HAGHAIDH RIACHTANAS SPEISIALTA AGUS BHREISE .....	26
MEASÚNÚ AR SHAMPLAÍ GenAI IN ÚSÁID I SCOILEANNA SPEISIALTA THUAISCEART ÉIREANN .....	27
CONCLÚID.....	30
TAGAIRTÍ .....	32

## Réamhrá ón Eagarthóir

Fáilte go dtí an dara heagrán den *Ráitheachán Taighde Oideachais* seo. I ndiaidh ár gcéad imleabhar ar churaclam, tá muid ag díriú san eagrán seo ar Shainriachtanais Oideachais (SRO).

I mí Feabhra, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais Clár Athchóirithe agus Plean Seachadta nua maidir le SRO, agus i mí an Mheithimh, Creat Torthaí. Leagtar amach sa chlár oibre athchóirithe plean cúig bliana atá dírithe ar a chinntiú go bhfaigheann leanaí *an tacaíocht cheart, ó na daoine cearta, ag an am cheart*, san áit cheart trí idirghabháil níos luaithe, próisis níos soiléire, oiliúint níos fearr don lucht saothair, comhoibriú feabhsaithe ar fud seirbhísí agus úsáid níos inbhuanaithe acmhainní. Is é an sprioc fhoriomlán córas níos cuimsithí, níos freagraí agus níos dírithe ar an leanbh a chruthú ina mbeidh rochtain chothrom ag leanaí le SRO ar oideachas agus torthaí feabhsaithe fadtéarmacha. Fágann an fhorbairt seo go bhfuil sé tráthúil breathnú ar roinnt taighde ar SRO.

Sa chéad alt, tá léargas á thabhairt ag an Ollamh Mel Ainscow, a bhfuil clú agus cáil air ar fud an domhain maidir le cuimsiú, ar a bhfuil de dhíth le go n-éireoidh le cuimsiú, de réir na mblianta fada taithí atá aige agus taighde atá curtha i gcrích aige. Ina dhiaidh sin, cuireann Alison Mackenzie agus Erin Dawson dearcthaí na ndaltaí féin ar chuimsiú i láthair, ag tarraingt ar thaighde faoi leanaí ar speictream an Uathachais. Sa tríú halt, bhreathnaigh mé ar chuid de na sonraí a léiríonn difríochtaí móra i líon na ndaltaí a bhfuil tacaíocht SRO acu i dtíortha éagsúla, an t-ardú sa líon sin agus an bhrí atá leis. Agus ar deireadh, féachann John Andersen, Don Passey agus Samuel Taggart ar an dóigh a dtiocfadh linn úsáid a bhaint as AI giniúnach le cuidiú linn freastal ar riachtanais na ndaltaí.

Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as na dearcthaí éagsúla seo agus go bhfaighidh tú smaointe le do chleachtas a spreagadh. Téigh i dteagmháil linn le haon cheisteanna nó smaointe le haghaidh imleabhair amach anseo.

An tOllamh Daniel Muijs

Eagarthóir

([d.muijs@qub.ac.uk](mailto:d.muijs@qub.ac.uk))

# Scoileanna Cuimsitheacha a Fhorbairt

Mel Ainscow<sup>1</sup>

University of Manchester

Ar fud an domhain, tagann páistí isteach i scoileanna ó chúlraí difriúla, bíonn eispéiris dhifriúla acu agus fágann siad agus torthaí an-difriúil acu. Ina lán tíortha, is iad na páistí is boichte a chailleann amach, a bhaineann na torthaí is measa amach agus a fhreastalaíonn ar na scoileanna is ísle feidhmíocht. Agus, ar ndóigh, bíonn foghlaimeoirí faoi mhíchumas thar a bheith i mbaol maidir le himeallú.

Mar sin féin, tá tíortha ann a rinne dul chun cinn maidir leis an dúshlán seo a réiteach agus ag an am chéanna caighdeán arda ar an iomlán acu. Is ionann sin is a mhaíomh gur féidir le tíortha córais oideachais a fhorbairt atá cuimsitheach agus den scoth araon.

Déantar sa pháipéar seo achoimre ar a bhfuil le rá i gcúrsaí taighde faoin chlár oibre seo, ag tarraingt go háirithe ar fhianaise atá mar thoradh ar thrí chlár staidéir a rinne mé le mo chomhghleacaithe le 25 bliain anuas sa Ríocht Aontaithe agus go hidirnáisiúnta.

## An Clár Oibre a Shainmhíniú

Tugann mo thaithí ar thionscnaimh feabhsúcháin le fios go bhfuil soiléireacht maidir leis an chuspóir ríthábhachtach. Go háirithe, is fiú sainmhíniú ar oideachas cuimsitheach a úsáid lena n-áirítear na heilimintí seo a leanas:

***Is próiseas é an cuimsiú.*** Is é sin le rá, caithfear amharc ar an chuimsiú mar chuardach gan deireadh le bealaí níos fearr a aimsiú le freagairt don éagsúlacht. Baineann sé le foghlaim faoin dóigh le maireachtáil le difríochtaí agus an dóigh le foghlaim ó dhifríochtaí. Ar an dóigh seo, feictear éagsúlacht ar bhealach is dearfaí mar spreagadh le foghlaim a chothú, i measc leanaí agus daoine fásta.

***Baineann cuimsiú le constaicí a aithint agus a bhaint.***

Anseo, thioctadh dó go mbeadh constaicí éagsúla ann, agus baineann cuid acu le beartais atá ann cheana féin, leis an dóigh a n-eagraítear scoileanna, le caidrimh agus leis na cineálacha teagaisc a chuirtear ar fáil. Dá bhrí sin, is gá fianaise faoi na tosca seo a bhailiú, a chomhordú agus a mheas le feabhsuithe i mbeartas agus i gcleachtas a phleanáil.

***Baineann cuimsiú le láithreach, rannpháirtíocht agus gnóthachtáil gach dalta.*** Anseo, baineann ‘láithreach’ leis an áit a bhfaigheann páistí oideachas agus cé chomh hiontaofa agus poncúil is a fhreastalaíonn siad; baineann ‘rannpháirtíocht’ le cáilíocht a dtaithe agus iad ann agus, dá bhrí sin,

---

<sup>1</sup> Is Ollamh Emeritus é in Ollscoil Mhanchain é **Mel Ainscow**. Is Ollamh Oideachais é fosta in Ollscoil Ghlaschú agus Ollamh Cúnta in Ollscoil Teicneolaíochta Queensland. Mar chomhairleoir fadtéarmach do UNESCO, tá aitheantas idirnáisiúnta aige mar údarás ar chur chun cinn an chuimsithe agus an chothromais san oideachas.

caithfear na bhfoghlaimoirí féin a thabhairt isteach ann; agus baineann ‘gnóthachtáil’ le torthaí na foghlama ar fud an churaclaim, ní hamháin torthaí tástála nó scrúduithe.

***Éilítear le cuimsiú béim ar leith ar na grúpaí foghlaimoirí sin a dtiocfadh leo a bheith i mbaol imeallaithe, eisiaimh nó tearcghnóthachtála.***

Léiríonn sé seo an fhreagracht mhorálta atá ann lena chinntiú go ndéantar monatóireacht chúramach ar na grúpaí sin atá i mbaol is mó ó thaobh na staitisticí de, agus, nuair is gá, go ndéantar bearta lena láithreacht, a rannpháirtíocht agus a ngnóthachtáil i scoileanna a chinntiú. Ag an am céanna, is gá a bheith airdeallach agus súil a choinneáil ar fhoghlaimoirí a bhfuil baol ann go bhfuil dearmad á dhéanamh orthu.

D’aimsigh muid gur féidir le díospóireacht dea-eagraithe faoi na heilimintí seo i scoileanna tuiscint níos fearr a thabhairt ar phrionsabal na cuimsitheachta.

## **AN tEOLAS A SCAIPEADH**

Agus iarracht á déanamh scoileanna cuimsitheacha a fhorbairt, is fiú *‘éiceolaíocht chothromais’* a úsáid. Tugtar aghaidh leis seo ar thrí shraith d’fhachtóirí idirnasctha a mbíonn tionchar acu ar dhul chun cinn na ndaltaí. Baineann siad seo le fachtóirí sa scoil a bhaineann le beartais agus cleachtas atá ann cheana féin; fachtóirí idir scoileanna a eascraíonn as tréithe na gcóras scoile áitiúil; agus fachtóirí seachtracha, lena n-áirítear déimeagrafaic, geilleagar, cultúir agus stair na gceantar áitiúil. Trí dhírú ar na fachtóirí seo is féidir na coinníollacha a chruthú chun ‘eolas a scaipeadh’.

**Fachtóirí taobh istigh de na scoileanna féin:** Tugtar le fios inár gcuid dtaighde go bhfuil ‘níos mó eolais ag scoileanna ná mar a úsáideann siad’. Is ionann sin is a rá gurb é an pointe tosaigh le hobair scoile a neartú ná cleachtas atá ann cheana a chomhroinnt trí chomhoibriú i measc na foirne, rud a fhágann go mbaintear triail as bealaí nua oibre.

Is féidir cuidiú le forbairt cleachtas a chothú atá níos éifeachtaí le teacht ar fhoghlaimoirí atá deacair a bhaint amach trí úsáid a bhaint as fianaise le staidéar a dhéanamh ar an teagasc taobh istigh den scoil féin. Is féidir leis seo spás a chruthú don athmhachnamh. I measc na dteicnící atá thar a bheith éifeachtach sa mhéid seo tá comhbhreathnóireacht ar cheachtanna, uaireanta trí thaifeadtaí físe agus fianaise a bhailítear ó dhaltaí faoi shocruithe teagaisc agus foghlama sa scoil féin.

Faoi choinníollacha áirithe, cuireann cur chuige den chineál seo ‘cur isteach’ ar fáil a chuidíonn leis an rud atá coitianta a dhéanamh neamhchoitianta ar bhealaí a spreagann féincheistiú, cruthaitheacht agus gníomh. Agus é sin á dhéanamh acu, is féidir teacht ar réitigh nua ar fhadhbanna a mheastar a bheith ann. Ina dhiaidh sin, tarraingítear aird ar fhéidearthachtaí a ndéantar neamhaird orthu le dul i ngleic le constaicí sa rannpháirtíocht agus san fhoghlaim.

**Fachtóirí Idir Scoileanna:** Ag bogadh níos faide ná mar a tharlaíonn i scoileanna aonair, tugtar le fios inár gcuid taighde gur féidir le comhoibriú idir scoileanna a bhfuil feidhmíocht dhifriúil acu deighilt a laghdú i gcórais oideachais, chun leas ar leith d’fhoghlaimoirí atá ag feidhmiú go sách lag. Déantar é seo trí eolas atá ann cheana a

aistriú agus, níos tábhachtaí fós, trí eolas nua atá sainiúil don chomhthéacs a fhorbairt.

Maidir le scoileanna atá ag obair i gcomhthéacsanna atá faoi mhíbhuntáiste mór, is féidir le comhpháirtíochtaí ó scoil go scoil a bheith ina modh cumhachtach le feabhsuithe a chothú. Thar aon rud eile, chonaic muid an dóigh ar tháinig feabhsuithe suntasacha ar fheidhmíocht roinnt scoileanna a raibh cuid de na cúinsí ba dhúshlánaí acu. Go suntasach, fuair muid amach gur féidir le socruithe comhoibríocha den tsórt sin tionchar dearfach a imirt ar fhoghlaim na ndaltaí i ngach ceann de na scoileanna rannpháirteacha.

### **Fachtóirí Seachtracha:**

Mar thoradh ar ár dtaighde, déanaim táta de fosta nach ndúnfar an bhearna idir na daoine ó chúlraí is mó agus is lú buntáiste ach amháin nuair a thioctaidh athrú ar an mhéid a tharlaíonn do leanaí taobh amuigh agus taobh istigh de scoileanna. Ciallaíonn sé seo athrú a dhéanamh ar an dóigh a n-oibríonn teaghlach agus pobail agus saibhriú a dhéanamh ar a bhfuil ar fáil do leanaí. Sa mhéid seo, tá samplaí spreagúla feicthe againn de na rudaí is féidir a bhaint amach nuair a bhíonn an méid a dhéanann scoileanna ag teacht le straitéis chomhtháite agus le hiarrachtaí rannpháirtithe áitiúla eile – fostóirí, grúpaí pobail, ollscoileanna agus seirbhísí poiblí.

### **Córais Oideachais a Athchóiriú**

Éilíonn na smaointe seo iarrachtaí comhordaithe agus leanúnacha i scoileanna agus ar fud na gcóras oideachais, agus a aithint nach dócha go dtiocfaidh feabhas ar thorthaí d'fhoghlaimoirí i mbaol mura mbíonn athruithe i ndearcchá, i mbarúlacha agus i ngníomhartha daoine fásta. Is ionann é seo agus tuairimí Michael Fullan, saineolaí aitheanta go hidirnáisiúnta ar athrú oideachais, a mhaíonn: *'Más maith leat athrú córais a bheith ann, caithfidh tú an córas a athrú!'*

Is tábhachtach fosta a thuiscint go ndéantar beartas ag gach leibhéal den chóras oideachais, go háirithe ag leibhéal an tseomra ranga. Go deimhin, a mhéid a bhaineann le daltaí, is iad na múinteoirí lucht déanta beartas. Is é an impleacht atá ann ná go gcaithfidh siad a bheith páirteach in iarrachtaí le hathrú córais a chur i gcrích. Is iad a smaointeoireacht agus a ngníomhartha is tábhachtaí a mhéid a bhaineann le cuimsiú.

Agus an clár oibre seo chun tosaigh san intinn, molaim 6 phríomhstraitéis ar féidir iad a úsáid le treoir a thabhairt d'iarrachtaí athchóirithe córais. Seo a leanas iad:

**1: Ba chóir go n-amharcfaí ar chuimsiú mar phrionsabal.** Ba chóir go mbeadh tionchar aige seo ar gach polasaí oideachais, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an gcuraclam, le próisis mheasúnaithe, le hoideachas múinteoirí, le cuntasacht agus le maoiniú. Ba chóir go mbeadh mana UNESCO mar threoir aige seo go léir: *Tá tábhacht le gach foghlaimoir agus tá tábhacht chomhionann acu.*

**2: Ba chóir constaicí ar láithreach, rannpháirtíocht agus gnóthachtáil foghlaimoirí a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.** Éilíonn dul chun cinn bogadh ar shiúl ó mhínte ar theipeanna oideachais a dhíríonn ar shaintréithe leanaí aonair agus a dteaghlach, i dtreo anailís ar chonstaicí comhthéacsúla a bhíonn ag foghlaimoirí i scoileanna.

Ar an dóigh seo, meastar gur ‘guthanna ceilte’ iad na daltaí sin nach bhfreagraíonn do shocruithe atá ann cheana féin, agus is féidir leo, faoi choinníollacha áirithe, feabhsuithe a spreagadh.

**3: Ba chóir do scoileanna a bheith ina bpobail foghlama ina spreagtar agus ina dtacaítear le forbairt gach baill.** Éilíonn athchóiriú córas oideachais i ndáil le cuimsiú iarrachtaí comhordaithe agus leanúnacha i scoileanna. Dá bhrí sin, ní mór an pointe tosaigh a bheith ag cleachtóirí: a gcuid samhlaíochta faoin mhéid a thiocfadh a bhaint amach a mhéadú agus iomlán a gcuntasachta as seo a chur i gcrích a mhéadú. Is fachtóir riachtanach é forbairt ghairmiúil múinteoirí, spreagtha ag rannpháirtíocht le fianaise, chun scoileanna féinfheabhsúcháin den sórt sin a chruthú. Is é ról ceannairí scoile na coinníollacha eagraíochtúla a chruthú inar féidir leis seo go léir tarlú.

**4: Ba chóir comhpháirtíochtaí idir scoileanna a fhorbairt chun dúshlán agus tacaíocht fhrithpháirteach a sholáthar.** Is féidir le comhoibriú idir scoileanna próisis feabhsúcháin a neartú trí chur leis an réimse saineolais atá ar fáil. Go háirithe, tá acmhainneacht ollmhór ag comhpháirtíochtaí idir scoileanna chun cumas na gcóras oideachais a chothú chun freagairt d’éagsúlacht foghlaimeoirí.

**5: Ba chóir teaghlaigh agus comhpháirtithe pobail eile a spreagadh chun tacú le hobair na scoileanna.** Ní fhorbrófar córais oideachais atá éifeachtach do gach leanbh ach amháin nuair a athraíonn an méid a tharlaíonn taobh amuigh de scoileanna agus istigh iontu. Go deimhin, tá fianaise spreagúil ann maidir leis an mhéid is féidir a bhaint amach nuair a bhíonn an méid a dhéanann scoileanna ag teacht le straitéis chomhtháite le hiarrachtaí rannpháirtithe pobail eile. Ní gá gurb ionann é agus ualach ar scoileanna níos mó a dhéanamh, ach tugann sé le fios go bhfuil comhpháirtíochtaí ann taobh amuigh de gheata na scoile, mar a n-iolraíonn comhpháirtithe tionchar iarrachtaí a chéile.

**6: Ba chóir tacaíocht agus dúshlán comhordaithe go háitiúil a chur ar fáil bunaithe ar phrionsabal an chuimsithe.** Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh lucht déanta beartas a aithint nach féidir sonraí beartas a chur i bhfeidhm faoi réir rialála lárnaigh. Ina áit sin, ba chóir dóibh siúd atá gar do chomhthéacsanna áitiúla, agus dá bhrí sin atá i riocht níos fearr chun iad a thuiscint, déileáil leo seo. Mar chuid de na forbairtí comhordaithe áitiúla seo, tá sé ríthábhachtach go mbeadh comhairleoirí a bhfuil taithí acu ann ar féidir leo tacú le feabhsú faoi stiúir na scoile agus dúshlán a thabhairt dó. Agus na sé straitéis idirnasctha seo á n-úsáid againn, tá sé ríthábhachtach aird a thabhairt ar fhachtóirí comhthéacsúla, a bhféadfadh cuid acu constaicí ar leith a chruthú maidir lena gcur i bhfeidhm. Ag an am céanna, ní mór dúinn foghlaim ó rudaí nach n-éiríonn leo ar an dóigh a bhí beartaithe againn.

## SEIFTEANNA CHUN ATHRAITHE

Is í an fhianaise croílár fhorbairt an oideachais chuimsithigh. Dá bhrí sin, caithfear tabhairt faoi seo go cúramach agus cinneadh á dhéanamh faoin chineál fianaise atá le bailiú agus an dóigh chun í a úsáid, ós rud é, taobh istigh de scoileanna, *go ndéantar an rud a thomhaistear.*

Bailíonn córais oideachais i bhfad níos mó sonraí staitistiúla ná riamh chun éifeachtacht a chinneadh. Mar thoradh air sin, tá brúnna nua ann, de réir mar a bhíonn lucht déanta beartas ag iarraidh torthaí scoile a thomhas i dtéarmaí scóir tástála atá sainithe go cúng agus dul chun cinn a chur i gcomparáid le dul chun cinn tíortha eile trí chórais amhail an Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Mhic Léinn (PISA).

Aithnítear go forleathan gur féidir leis an treocht seo a bheith le leas nó le haimhleas daoine toisc gur seift chomh cumhachtach sin é chun athrú a dhéanamh. Ar thaobh amháin, tá gá le sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn leanaí, a dtionchar idirghabhálacha a mheas, éifeachtacht beartais agus próiseas a athbhreithniú, tionscnaimh nua a phleanáil agus mar sin de. Ar an lámh eile, má dhéantar measúnú ar éifeachtacht ar bhonn táscairí feidhmíochta cúnga, fiú míchuí, ansin is féidir leis an tionchar a bheith an-dochrach. Cé go bhfuil cuma air go gcuireann úsáid sonraí cúiseanna na cuntasachta agus na trédhearcachta chun cinn, is féidir leis, i gcleachtas; níos mó a cheilt ná mar a nochtann siad; míthuiscint a spreagadh; agus rud is measa ar fad, tionchair chlaonta a bheith aige ar iompar cleachtóirí.

Dá bhrí sin, is é an dúshlán ná leas a bhaint as acmhainneacht na fianaise mar sheift chun athrú a dhéanamh, agus na fadhbanna féideartha seo a sheachaint ag an am céanna. Ciallaíonn sé seo gur cheart go mbeadh sainmhíniú comhaontaithe ar chuimsiú mar phointe tosaigh chun cinntí a dhéanamh faoin fhianaise atá le bailiú. I bhfocail eile, ní mór dúinn *an luach atá leis a thomhas*, seachas luacháil a dhéanamh ar ghnéithe atá níos fusa a thomhas. Dá bhrí sin, ní mór don fhianaise a bhailítear taobh istigh de scoileanna a bheith bainteach le láithreach, rannpháirtíocht agus gnóthachtáil gach dalta.

## Impleachtaí

Éilíonn na smaointe atá leagtha amach agam sa pháipéar seo go gcaithfear bogadh ar aghaidh ó mhínte ar theipeanna oideachais a dhíríonn ar shaintréithe leanaí aonair, i dtreo anailíse ar chonstaicí comhthéacsúla ar rannpháirtíocht agus ar fhoghlaim a bhíonn ag daltaí taobh istigh de scoileanna. Tá an smaointeoireacht seo treoraithe ag an bharúil nach ceart breathnú ar chuimsiú mar bheartas ar leithligh. Ina áit sin, ba cheart breathnú air mar phrionsabal a chuireann eolas ar fáil do gach beartas, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an churaclam, measúnú, meastóireacht scoile, oideachas múinteoirí agus buiséid. Caithfidh sé eolas a chur ar fáil do gach céim den oideachas fosta, ó na luathbhlianta go dtí an t-ardoideachas. Ar an dóigh seo ní fheictear cuimsiú mar ról duine éigin. Ina áit sin, is é an clár oibre athchóirithe a chaithfidh a bheith ina fhreagracht chomhroinnte ar gach duine atá bainteach le hoideachas a chur ar fáil dár leanaí agus dár ndaoine óga.

## Léitheoireacht Chúlra

Ainscow, M. (2024) *Every learner matters and matters equally: Making education inclusive*. UNESCO ( <https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000388991> )

Ainscow, M. (2024) *Developing Inclusive Schools: Pathways to Success*. Routledge

(<https://www.routledge.com/Developing-Inclusive-Schools-Pathways-to-Success/Ainscow/p/book/9781032571430> )

Ainscow, M. (2025) *Reforming education systems for inclusion and equity*. Routledge

(<https://www.routledge.com/Reforming-Education-Systems-for-Inclusion-and-Equity/Ainscow/p/book/9781032818283>)

## Acmhainní Úsáideacha

**‘Promoting inclusion and equity in education: Lessons from international research’.**

Gearrchaint le Mel Ainscow: <https://youtu.be/9E9fawfkHWk>

**‘The Index for Inclusion’.** Úsáidtear an creat athbhreithnithe agus forbartha seo i mórán tíortha ar fud an domhain chun cuimsiú a chur chun cinn i scoileanna:

<https://www.eenet.org.uk/resources/docs/Index%20English.pdf>

**‘Reaching Out to All Learners’.** Pacáiste acmhainní gairmiúla arna fhorbairt ag an Bhiúró Idirnáisiúnta um Oideachas-UNESCO. Ar fáil saor in aisce ag:

<https://www.ibe.unesco.org/en/node/103>

**‘Time for an inclusive turn’.** Pléann an blag seo forbairtí sa Phortaingéil, ceann de na córais oideachais is cuimsithí: <https://internationalednews.com/2022/03/30/time-for-an-inclusive-turn-mel-ainscow-on-inclusion-as-a-guiding-principle-for-educational-reform-in-portugal/>

**‘Reaching the Hard to Reach’.** Díríonn na hábhair fhorbartha gairmiúla seo ar idirphlé múinteoirí/daltaí mar straitéis chun seomraí ranga cuimsitheacha a chur chun cinn:

<https://reachingthehardtoreach.eu/>

# Tuairimí Daltaí ar Scoileanna Cuimsitheacha

Alison MacKenzie agus Erin Dawson

Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta, Oideachais agus Obair Shóisialta, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

## Réamhrá

Sa leabhar *The Reason I Jump*, tugann Naoki Higashida, buachaill a bhfuil uathachas air agus nach bhfuil in ann labhairt, freagraí ar 58 ceist a chuirtear go coitianta faoi iompraíochtaí uathachais. Mar fhreagra ar an cheist, 'An fearr leat a bheith i d'aonar?', scríobhann sé, 'Ba bhreá linn a bheith le daoine eile. Mar sin féin, toisc nach dtéann rudaí i gceart in am ar bith, éiríonn muid cleachta le bheith inár n-aonar sa deireadh... Aon uair a chloisim ráiteas éigin faoi cé chomh mór is fearr liom a bheith i m'aonar, cuireann sé uaigneas an domhain orm'. (Higashida, 2013, p.47).

Trí úsáid a bhaint as eangach aibítire agus ríomhaire agus le tacaíocht a mháthar agus a mhúinteora, téimid isteach i ndomhan inmheánach Naoki. Caitear amhras láithreach ar an steiréitíopa chlaonta nach mbíonn daoine a bhfuil uathachas orthu ag iarraidh cuideachta ná cairdis, nach bhfuil comhbhá, íogaireacht ná samhlaíocht acu agus nach dtuigeann siad meafair. Tuigeann sé go rímhaith go gcuireann daoine a bhfuil uathachas orthu cosúil leis anró ar dhaoine eile, go bhfuil cuma aisteach air, cosúil le duine ó '*taobh amuigh de réimeas na sibhialtacht*' (lch.153) agus go gcaithfidh saol an uathachais a bheith cosúil le '*áit rúndiamhair*' (lch.15). Sula raibh sé in ann scríobh, cuireann Naoki síos ar a shaol mar '*cosúil le bábóg ag caitheamh a shaoil ar fad i leithlisiú, gan aislingí agus gan dóchas*' (lch.19). An rud a choinnigh ag dul é ná a chreideamh, le maireachtáil mar dhuine daonna, nach raibh aon rud níos tábhachtaí ná é féin a chur in iúl agus cuidiú le daoine eile a bheith ina gcairde níos fearr do dhaoine a bhfuil uathachas orthu.

Léiríonn cuntais chéadphearsa mar seo fosta an dóigh ar féidir linn áit a chruthú go báúil inár scoileanna do leanaí a bhfuil riachtanais tacaíochta bhreise acu. Tá a fhios againn, áfach, nach mbíonn na torthaí oideachais céanna ag daltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu i gcónaí agus atá ag a gcomhghleacaithe (DE, 2025), agus cé go n-aithnítear cuimsiú mar an bhealach is éifeachtaí chun deis a thabhairt do gach leanbh bláthú (UNICEF, 2017), gur coincheap conspóideach é atá dúshlánach a bhaint amach.

## Sainmhíniú ar chuimsiú: Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

Ó 2023/24 i leith, bhí sainriachtanas oideachais (SRO) agus/nó míchumas ag duine as gach cúigear leanaí (19.4%) agus daoine óga i dTuaisceart Éireann (DE, 2025, lch.9). Idir 2004/05 agus 2023/24, bhí méadú 29% ar líon na ndaltaí a raibh SRO acu agus méadú 134% ar líon na ndaltaí a raibh ráiteas acu. Is gnách go mbíonn níos mó ná cineál amháin riachtanais ag daltaí SRO fosta. Is iad riachtanais Chognaíochta agus Foghlama na cinn is coitianta, agus is ionann iad agus thart ar aon trian (35%) de na riachtanais uile a aithníodh, agus ina dhiaidh sin riachtanais shóisialta, iompraíochta, mhothúchána agus folláine (20%) (DE, 2025, lch.10).

Déanann UNESCO (2005, Ich.12) cur síos ar chuimsiú san oideachas mar *‘cur chuige dinimiciúil chun freagairt go dearfach d’éagsúlacht daltaí agus chun difríochtaí aonair a fheiceáil ní mar fhadhbanna, ach mar dheiseanna chun foghlaim a shaibhriú’*. Thairis sin, faoin dlí idirnáisiúnta, aithnítear daoine faoi mhíchumas mar shealbhóirí cearta atá i dteideal oideachais gan idirdhealú. Is í aitheantas an chuimsithe an eochair chun an ceart chun oideachais a bhaint amach. Tá sé cumhdaithe sa Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), an chéad ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí de ina bhfuil tagairt do choincheap an oideachais chuimsithigh ardchaighdeáin. Sainmhíonann trácht ginearálta 4 de CRPD (2016) príomhghnéithe an chuimsithe mar:

1. **‘Cur chuige córas iomlán’** ina ndírítear na hacmhainní go léir ar oideachas cuimsitheach a chur chun cinn agus na hathruithe riachtanacha cultúrtha, beartais agus cleachtais a leabú taobh istigh d’institiúidí.
2. **‘Timpeallacht oideachas iomlán’**. Tá ceannaireacht láidir, tiomanta de dhíth chun an cultúr, na beartais agus na cleachtais is gá le haghaidh oideachas cuimsitheach a leabú, agus ní mór é seo a leathnú thar gach réimse, lena n-áirítear teagasc agus caidrimh sa seomra ranga, maoirseacht múinteoirí, seirbhísí comhairleoireachta, cúram leighis, idirghníomhaíochtaí le tuismitheoirí foghlaimeoirí agus rannpháirtíocht leis an phobal áitiúil.
3. **‘Cur chuige an duine iomlán’** ina n-aithnítear cumas gach dalta foghlaim agus leagann sé síos ionchais arda d’achan fhoghlaimeoir. Leagann oideachas cuimsitheach béim ar thacaíocht, cóiríocht réasúnta agus idirghabháil luath chun go mbeidh gach foghlaimeoir in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach. Baineann oideachas cuimsitheach le freagairt do riachtanais aonair na ndaltaí seachas a bheith ag súil go n-oiriúnóidh siad don chóras.

Mar chuid lárnach do choincheap an chuimsithe, is riachtanach go bhfaigheann múinteoirí an t-oideachas agus an oiliúint atá de dhíth orthu mar chuid de chultúr cuimsitheach atá tacúil, comhoibríoch, idirghníomhach agus ina ndéantar fadhbanna a réiteach. Tá meas agus luach na héagsúlachta, ina bhfuil an fháilte chéanna roimh gach duine, beag beann ar mhíchumas, cine, dath, inscne, teanga, cultúr teangeolaíoch, reiligiún nó aon stádas eile, rithábhachtach fosta. Cuireann scoileanna cuimsitheacha beartais i bhfeidhm chun mí-úsáid agus bulaíocht a chosc agus cruthaíonn siad timpeallachtaí foghlama atá cairdiúil agus tacúil, áit a mbraitheann gach duine sábháilte, tacaíthe, spreagtha agus muiníneach chun iad féin a chur in iúl.

Léirigh taighde a labhraíonn go díreach le daltaí ar an speictream néareolaíoch agus iad siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama measartha acu (MLD) an tábhacht a bhaineann leis na gnéithe seo. Mar a phléifimid thíos, beag beann ar chumas, míchumas nó riachtanas, ba mhaith le daltaí a bheith san áireamh, agus go léirítear meas orthu agus luach leo agus go dtugann an córas oideachais ar fad tacaíocht dóibh.

## Constaicí ar Chuimsiú i Scoileanna Príomhshrutha

Is féidir le timpeallachtaí céadfacha iar-bhunscoile dúshlán shuntasacha a chruthú do dhaltaí néareolaíocha éagsúla, a chaithfidh an bealach a dhéanamh i bhfoirgnimh níos mó, déileáil le bheith i measc i bhfad níos mó daoine óga agus gluaiseacht mhéadaithe a bhainistiú i rith an lae scoile i gcomparáid le bunscoil. Tá spásanna scoile, cosúil le beagnach gach spás poiblí príomhshrutha, deartha do phróifílí céadfacha daoine

néareolaíocha ar féidir leo déileáil le soilsíú fluaraiseach, dromchlaí crua agus gluaiseacht leanúnach (Birkett et al., 2022). Is difríocht dhofheicthe iad difríochtaí céadfacha go dtí go mbíonn na spreagthaigh chomh sáraitheach sin go mbíonn ‘meathlú’ ag an dalta a bhfuil uathachas orthu nó go bhfreagraíonn siad ar bhealaí is féidir a mheas mar ionsaitheach. Próiseálann daltaí uathachais faisnéis ar bhealach difriúil lena gcomhghleacaithe néareolaíocha, lena n-áirítear íogaireacht mhéadaithe do sholas, do theagmháil, do bhlás, do thorann (hipearacusis) agus do bholadh, mar shampla, agus d’fhéadfadh siad a bheith níos moille ag comhtháthú faisnéis chéadfach. Thiocfadh leis a bheith doiligh do roinnt daltaí a bhfuil uathachas orthu idirdhealú a dhéanamh idir caint agus torann cúlra mar gheall ar éisteach ardaithe. Is cineál de sheachaint chéadfach é seo, trína ndéanann daltaí iarracht ionchur céadfach pianmhar a sheachaint. Ar an lámh eile, d’fhéadfadh daltaí eile a bheith ag lorg céadfach, trína lorgaíonn siad ionchur céadfach breise nó dian toisc go gcuidíonn sé leo mothú rialaithe, dírithe nó compordach. Is féidir leis na difríochtaí seo tionchar suntasach a imirt ar an dóigh a bhfeidhmíonn daltaí ar scoil, ag cur isteach ar a bhfeidhmíocht acadúil agus ar a gcaidrimh shóisialta. Cé go bhfuil difríochtaí céadfacha coitianta i measc daoine ar a bhfuil uathachas, athraíonn siad, ar ndóigh, agus tá sé riachtanach íogaireacht shonrach gach duine aonair a thuiscint chun cuimsiú céadfach a chur chun cinn.

Is féidir le timpeallachtaí príomhshrutha eisiamh céadfach a chruthú. Dúirt dalta amháin a bhfuil uathachas air le Goodall (2018a, lch.7) gur mhothaigh siad ‘dúnta isteach’ amhail is nach raibh siad ‘in ann anáilú’ mar gheall ar an iomarca daoine agus gur strusmhar an t-athrú leanúnach seomraí ranga. I staidéar eile, chuir daltaí néareolaíocha éagsúla síos ar an timpeallacht mar ‘callánach, trína chéile agus ionrach’, áit ‘mearbhall’, go háirithe i ndorchaí (Birkett et al., 2022, lch. 4). Bhí ranganna torannacha ina bhfoinse struis fosta. Mhínigh rannpháirtí i staidéar eile gur thaitin an clós súgartha leis mar is féidir le fuaim ‘taisteal áit ar bith’ ach sa rang, ‘tá an doras dúnta, tá na fuinneoga dúnta, tá an fhuaim gafa, ag taisteal timpeall an tseomra... cuireann sé pian air, gortaíonn sé mo chluasa i ndáiríre agus ansin ní dhéanaim ach béicíl agus tagann fearg orm (Birkett et al., 2022, lch.5).

Is féidir leis an steiréitíopa nach mbíonn daltaí ag iarraidh cairde eisiamh agus imeallú a chruthú fosta. Tuairiscíonn go leor daltaí a bhfuil uathachas orthu gur féidir le suíomhanna príomhshrutha, go háirithe iar-bhunscoileanna, a bheith ina dtimpeallachtaí sóisialta casta agus dúshlánacha. Is minic a bhíonn deacrachtaí acu cairdeas a chothú, tuairiscíonn siad go ndéantar bulaíocht orthu, go mbraitheann siad uaigneach agus scoite amach, agus nach dtuigeann a gcomhghleacaithe agus a múinteoirí uathachas (Horgan et al., 2023). Dúirt ‘Sarah-Jane’, i staidéar ar chairdeas do chailíní a bhfuil uathachas orthu i dTuaisceart Éireann, le taighdeoirí go raibh sé riachtanach cairde a bheith acu chun an scoil a dhéanamh inmharthana (Goodall & MacKenzie, 2019, lch.508): ‘Bhraith mé an-strusmhar, imníoch agus as áit i gcónaí. Bhraith mé gortaithe nuair a d’eisiaigh “cairde” mé ó bheith páirteach i ngníomhaíocht nó nuair a fágadh ar lár mé ... nuair a bhuaill siad lena chéile i ndiaidh am scoile’. Is coitianta a taithí ar scoil (Sedgwick et al., 2019). Is féidir le hiarrachtaí neamhdhíobhálacha chun daltaí a bhfuil uathachas orthu a chur ag mothú go bhfuil siad san áireamh an mothú uaignis agus náire a mhéadú, mar a mhínigh Sarah-Jane: ‘Mar is gnách, ní raibh aon duine agam, agus cuireadh orm péireáil leis an mhúinteoir.’ ‘Bhraith mé chomh beag sin nuair a bhí orm seasamh ansin...Bhí sé uafásach’ (Goodall & MacKenzie, 2019, lch.508). Is léir ón taighde go gcuidíonn cairde le daltaí néareolaíocha éagsúla agus le daltaí a bhfuil MLDanna orthu an t-uaigneas a laghdú agus

go bhfeabhsaíonn siad a dtaithí scoile.

## Cén chuma atá ar chuimsiú?

Chun cuimsiú céadfach a chur chun cinn, thiocfadh le scoileanna smaoineamh ar lasca maolaithe a úsáid nó roinnt soilse a mhúchadh, troscán bog a thabhairt isteach agus seomraí céadfacha a chruthú. Bheadh sé ina chuidiú fosta airíonna fuaimiúla na seomraí ranga a bhreathnú agus an uair a bhíonn strus ag teacht ar dhaltaí a bhfuil uathachas orthu (Birkett et al., 2022). Is féidir cuimsiú cumarsáide a fheabhsú trí gan breathnú ar fhoirmeacha cumarsáide i gcúrsaí uathachais mar rud ‘claonta’, ‘aisteach’, nó ‘neamhlabharta’, nó glacadh leis go mbeidh tionchar ag difríochtaí cumarsáide ar a ndul chun cinn oideachais. Cé gur réimse casta é seo, ba mhaith le daltaí go ndéanfadh múinteoirí páirt a ghlacadh lena modh léirithe is fearr leo, labhairt go nádúrtha, éisteacht leis an méid is mian leis an dalta a chur in iúl agus úsáid tacaíochtaí cumarsáide agus ríomhairí a spreagadh (Wood, 2020). Is uirlisí, straitéisí agus oiriúnuithe iad tacaíochtaí cumarsáide a chuidíonn le daoine a bhfuil uathachas orthu cumarsáid a thuiscint, a chur in iúl agus páirt a ghlacadh inti níos fusa, agus is féidir leo a bheith éagsúil ó thacaí comhshaoil amhail seomraí céadfacha ísle go tacaíochtaí amhairc amhail cártaí leideanna.

Cé go mbíonn deacrachtaí ag go leor daltaí a bhfuil uathachas orthu cairde a dhéanamh nó go mbíonn siad thíos le bulaíocht (Horgan et al., 2023), ní chuireann sé seo as don tábhacht a bhaineann le deiseanna sóisialta a chur ar fáil. Molann daltaí grúpaí leasa piarbhunaithe, faoi stiúir múinteoirí, a chruthú timpeall ar chaitheamh aimsire agus leasanna comhroinnte i dtimpeallacht shábháilte agus struchtúrtha, áit ar féidir le daltaí bualadh le piaraí a bhfuil paisin chomhchosúla acu agus cairdeas bríoch a fhorbairt (Saggers, 2015).

Cé gur féidir le hionchais obair ranga agus obair bhaile a bheith strusmhar do go leor daltaí, is minic a bhíonn leibhéil struis níos airde ag daltaí atá ar an speictream nó a bhfuil MLDanna orthu. Chun seo a mhaolú, is féidir go mbeadh sé tairbheach ualaí obair bhaile a laghdú agus spriocdhátaí solúbtha a chur i bhfeidhm (Goodall, 2018b). Ós rud é gur minic a bhíonn constaicí dochta idir an scoil agus an baile á gcruthú ag daltaí a bhfuil uathachas orthu, is fearr straitéisí chun brí agus luach na hoibre scoile a dhéantar sa bhaile a mhíniú (Payne & Swanson, 2022). Léiríonn daltaí fosta rogha do thascanna scafall, a sholáthraíonn tacaíocht bhreise chun tascanna a chríochnú. Ina theannta sin, tá rochtain ar theicneolaíocht chúnata ag cur go mór le cumas na scríbhneoireachta, rud a laghdaíonn, mar shampla, an brú a bhaineann le lámhscríbhneoireacht, rud a ligeann dóibh díriú ar thascanna a chríochnú go maith agus in am (Aubineau & Blicharska, 2020; Saggers, 2015). Ba mhaith le daltaí fosta go gcuirfí a dtuairimí san áireamh i gcinntí a théann i bhfeidhm orthu, amhail i gcruthú Pleananna Oideachais Aonair (POAanna) agus Pleananna Foghlama Pearsanta (PLPanna). In ionad cinntí a dhéanamh gan a rannpháirtíocht, is fearr le daltaí, nuair is féidir, oibriú i gcomhar le múinteoirí agus scoileanna chun a chinntiú go bhfuil a dtacaíocht oideachais pearsantaithe dá riachtanais (Aubineau & Blicharska, 2020).

Tá oideachas múinteoirí i riachtanais tacaíochta speisialta agus breise riachtanach agus aithnítear é mar rud a chruthaíonn cuimsiú. Mar sin féin, ní mór don oideachas gan cur chuige ‘oireann an cur chuige céanna do gach duine’ a ghlacadh. Ní leor a bheith néareolaíoch éagsúil nó feasach ar MLD, agus ní leor daltaí den sórt sin a

chomhtháthú sa scoil ach an oiread. Bíonn daltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu íogair do dhearcthaí múinteoirí agus tuairiscíonn siad go mbíonn constaicí suntasacha foghlama acu, go háirithe i seomraí ranga ina bhfuil easpa eolais ábhartha ag múinteoirí ar a míchumas agus ar a néaréagsúlacht nó nach bhfuil siad sásta tacú leo (Goodall, 2018b).

Léiríonn taighde fosta gur mian le daltaí go mbeadh a múinteoirí níos tuisceanaí ar a míchumais. Cé nach mian leo go gcaithfí leo ar bhealach difriúil óna gcomhghleacaithe, ba mhaith le daltaí go nglacfaidh múinteoirí modhanna teagaisc solúbtha agus go bhfreastalóidís ar a riachtanais aonair. Ba mhaith leo fosta go n-éistfeadh múinteoirí leo, go mbeadh meas acu orthu agus go mbeadh meas acu ar a n-uathúlacht, seachas iad a chatagóiriú mar chuid de ghrúpa deacair ar a dtugtar ‘uathachas’, ‘ADHD’ nó ‘deacrachtaí foghlama’, rud a fhéadann a n-indibhidiúlacht a scríosadh agus mothúcháin eisiaimh a mhéadú (Cook et al., 2018; Goodall, 2018a; Goodall & MacKenzie, 2019; Horgan et al., 2023).

## An rud atá le leas daltaí SRO, is le leas gach dalta é.

Do mhórán, ciallaíonn cuimsiú mothú muintearais, rochtain a fháil ar acmhainní a chuireann ar chumas daltaí rathú, mothú cumas acadúil agus deiseanna a bheith acu cairdeas a dhéanamh. Tá luach ar an chuimsiú. Feabhsaíonn sé foghlaim do gach duine, cuireann sé comhionannas, cothromas agus neamh-idirdhealú chun cinn agus cothaíonn sé meas agus comhtháthú sóisialta. Thiocfadh linn a rá fiú, ag dul ar ais chuig Naoki, go gciallódh cuimsiú a bheith mar chuid de ‘réimeas na sibhialtacha’.

## Tagairtí

- Aubineau, M., & Blicharska, T. (2020). High-functioning autistic students speak about their experience of inclusion in Mainstream Secondary Schools. *School Mental Health*, 12, 537–555. <https://doi.org/10.1007/s12310-020-09364-z>
- Birkett, L., McGrath, L. & Tucker, I. (2022). Muting, filtering and transforming space: Autistic children’s sensory ‘tactics’ for navigating mainstream school space following transition to secondary school. *Emotion, Space and Society*, 42. <https://doi.org/10.1016/j.emospa.2022.100872>
- Cook, A., Ogden, J., & Winstone, N. (2017). Friendship motivations, challenges and the role of masking for girls with autism in contrasting school settings. *European Journal of Special Needs Education*, 33(3), 302–315. <https://doi.org/10.1080/08856257.2017.1312797>
- Department for Education (DE) (2025). *Special Educational Needs Reform Agenda*. Delivering on the Executive’s Priority: Better Support for Children and Young People with Special Educational Needs (February). Bangor: DE. Retrieved from <https://www.education-ni.gov.uk/sites/default/files/2025-02/SEN%20Reform%20Agenda%202025.pdf>
- Goodall, C. (2018a). ‘I felt closed in and like I couldn’t breathe’: a qualitative study exploring the mainstream educational experiences of autistic young people. *Autism & Developmental Language Impairments* <https://doi.org/10.1177/2396941518804407>
- Goodall, C. (2018b). Inclusion is a feeling, not a place: a qualitative study exploring autistic young people's conceptualisations of inclusion. *International Journal of Inclusive Education*, 24(12), 1285–1310.
- Goodall, C. & MacKenzie, A. (2019). What about my voice? Autistic young girls’ experiences of mainstream school. *European Journal of Special Needs Education*, 34 (4), 499–513. <https://doi.org/10.1080/08856257.2018.1553138>
- Higashida, N. (2013). *The Reason Why I Jump*. One Boy’s Voice from the Silence of Autism. London: Hodder & Stoughton.
- Horgan, F., Kenny, N. & Flynn, P. (2023). A systematic review of the experiences of autistic young people enrolled in mainstream second-level (post-primary) schools. *Autism*, 27(2), 526–538. <https://doi.org/10.1177/13623613221105089>
- Payne, S. B., & Swanson, E. (2022). Supporting Families to Motivate Their Middle School Student During Homework Time. *TEACHING Exceptional Children*, 55(6), 422- 430. <https://doi.org/10.1177/00400599221099656>

- Saggers, B. (2015). Student perceptions: Improving the educational experiences of high school students on the autism spectrum. *Improving Schools*, 18(1), 35-45.  
<https://doi.org/10.1177/1365480214566213>
- Sedgewick, F., Hill, V. & Pellicano, E. (2019). 'It's different for girls!': Gender differences in the friendships and conflict of autistic and neurotypical adolescents. *Autism*, 23(5), 1119–1132.
- UNICEF (2017). *Inclusive Education*.  
[https://www.unicef.org/eca/sites/unicef.org/eca/files/IE\\_summary\\_accessible\\_20917\\_brief.pdf](https://www.unicef.org/eca/sites/unicef.org/eca/files/IE_summary_accessible_20917_brief.pdf)
- United Nations Educational, Scientific and Cultural Organisation (UNESCO) (2005). *Guidelines for inclusion: Ensuring access to education for all*. Paris: UNESCO.  
<https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000140224>
- United Nations (2016). *Convention on the Rights of PeSRONs with Disabilities. General Comment No. 4: On the Right to Inclusive Education*. Geneva: United Nations. Retrieved from <https://www.refworld.org/legal/general/crpd/2016/en/112080>
- Wood, R. (2020). The wrong kind of noise: understanding and valuing the communication of autistic children in schools. *Educational Review*, 72:1, 111-130, DOI:10.1080/00131911.2018.1483895

# Daltaí a bhfuil SRO acu – Comparáid Idirnáisiúnta

Daniel Muijs

Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta, Oideachais agus Obair Shóisialta, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, An Ríocht Aontaithe

## Réamhrá

Is fadhb é seo atá ag go leor córais oideachais go hidirnáisiúnta ná an méadú mór ar líon na ndaltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais (SRO) acu, nó a aithníodh mar dhaltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais (SRO) acu. Le deich mbliana anuas, tá méadú tagtha ar líon na ndaltaí a rangáitear mar SRO i dTuaisceart Éireann ó 21% go 24%, agus tá méadú tagtha ar chéatadán na ndaltaí a bhfuil ráiteas tugtha dóibh ó 4.2% go 5.6% de dhaltaí. Is ábhar imní é an treocht seo mar tugann sí le fios go bhfuil riachtanais níos mó i measc leanaí agus daoine óga agus go gcuireann sí saincheisteanna inacmhainneachta i bhfeidhm do chórais oideachais, mar sin san alt seo déanfaidh mé iarracht dul faoi bhun na n-uimhreacha beagán, trí fhéachaint ar an phictiúr idirnáisiúnta níos leithne agus go háirithe, an pictiúr Eorpach.

## Cúrsaí san Eoraip – Difríochtaí móra idir thíortha

Ceann de na hábhair iontais a bhíonn romhainn agus muid ag féachaint ar dhaltaí a bhfuil SRO acu ná na difríochtaí móra idirnáisiúnta idir líon na ndaltaí atá ainmnithe agus SRO acu i dtíortha éagsúla. Tá comparáidí casta toisc go bhfuil sainmhínithe ar SRO éagsúil idir thíortha agus nach mbailítear sonraí caighdeánacha. Mar sin féin, nuair a fhéachaimid ar an Ríocht Aontaithe, is féidir linn a fheiceáil go bhfuil rátaí daltaí a bhfuil SRO éagsúil ó 9.5% de dhaltaí sa Bhreatain Bheag go 40% in Albain.

Forleithne SEN i Sasana, sa Bhreatain Bheag, in Albain agus i dTuaisceart Éireann <sup>2</sup>

Tír	Bearta	Forleithne (%)	Bliain	Nótaí
Sasana	SRO (Tacaíocht EHCP nó SRO)	19.6	2024/25	Plean EHC 5.3%; Tacaíocht SRO 14.2%
An Bhreatain Bheag	ALN nó SRO	9.5	2024/25	Aistriú ó SRO go ALN
Albain	Tacaíocht Bhreise don Fhoghlaim (ASL)	40	2024/25	Áirítear sa chatagóir leathan aon riachtanas tacaíochta breise a shainaithnítear
Tuaisceart Éireann	SRO (gach céim)	20	2024/25	8% le ráiteas; 12% gan ráiteas

<sup>2</sup> Data for this table come from [https://explore-education-statistics.service.gov.uk/find-statistics/special-educational-needs-in-england/2024-25?utm\\_source=chatgpt.com](https://explore-education-statistics.service.gov.uk/find-statistics/special-educational-needs-in-england/2024-25?utm_source=chatgpt.com); [https://www.gov.wales/schools-census-results-january-2025.html?utm\\_source=chatgpt.com](https://www.gov.wales/schools-census-results-january-2025.html?utm_source=chatgpt.com); [https://audit.scot/uploads/2025-02/briefing\\_250227\\_additional\\_support\\_for\\_learning.pdf?utm\\_source=chatgpt.com](https://audit.scot/uploads/2025-02/briefing_250227_additional_support_for_learning.pdf?utm_source=chatgpt.com); <https://www.education-ni.gov.uk/sites/default/files/2025-08/Special%20Educational%20Needs%20202425.pdf>

Feicimid cás mar seo nuair a fhéachaimid air ar bhonn idirnáisiúnta. Cé nach bhfoilsíonn Éire céatadán bliantúil SRO, bunaithe ar anailís ón Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI)/an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) ar shonraí Growing Up in Ireland, meastar go raibh leitheadúlacht do 2024 ag 25% (Banks & McCoy, 2011). San Eoraip, déanann “ráta aitheantais SRO” na Gníomhaireachta Eorpaí um Staidreamh ar Oideachas Cuimsitheach (EASIE) céatadán na bhfoghlaimoirí uile a aithnítear go foirmiúil mar dhaoine a bhfuil sainriachtanais oideachais acu laistigh de shuíomhanna oideachais aitheanta a thomhas. Is gnách go léiríonn an tomhas seo leitheadúlacht níos ísle ná tomhais na Ríochta Aontaithe, agus Albain anseo rátáilte ag 25% (cé gurb é seo an leibhéal is airde fós in EASIE). Tá an leitheadúlacht is ísle ag an tSualainn ag 1%.

## Cúrsaí san Eoraip – ardú i bhforleithne SRO

